

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

MODHANNA ÍOCTHA

Is féidir leat íocaíocht a dhéanamh i gcoinne dliteanais cánach ar cheann de na bealaí seo:

1. Seirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Chun mioneolas a fháil ar conas tuairisceáin a chur isteach agus íocaíochtaí a dhéanamh trí Sheirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) logáil isteach ar ár suíomh gréasáin ag www.revenue.ie nó glaoigh ar **1890 20 11 06**.

2. Cárta Creidmheasa

Chun sonraí a fháil ar conas íocaíocht cánach a dhéanamh trí chárta creidmheasa (VISA nó MasterCard), tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie nó cuir glao teileafóin ar **1890 27 37 47**.

3. Cárta Dochair

Chun sonraí a fháil ar conas íocaíocht cánach a dhéanamh trí chárta creidmheasa (VISA nó MasterCard), tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie nó cuir glao teileafóin ar **1890 27 37 47**.

4. Seic

.Cuir íocaíochtaí seic leis an duilín pá comhlánaithe chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thall.

.Ní mór gach seic a bheith crosáilte agus iníochta leis an Ard-Bhailitheoir.

.Scríobh d'Uimhir PSP freisin ar chúl do sheic.

NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM.

AN TÁBHACHT A BHAINNEANN LE HÍOC GO PRAS

- Déan deimhin de go bhfágann tú go leor ama - ar a laghad trí lá oibre - chun go sroichfidh d'íocaíocht an tArd-Bhailitheoir roimh an dáta dlite.
- Tá muirear úis inghearrtha ar íocaíocht cánach atá déanach.
- Má theipeann ort dliteanas cánach a íoc nó a íoc in am d'fhéadfaí dá thoradh bailiú a chur i bhfeidhm tríd an Sirriam, trí Imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe faoi Alt 1002 den Acht Comhdhlúithe, 1997.

Baineann costais bhreise le forfheidhmiú, anuas ar aon ús a ghearrtar.

FIOSRUITHE

Is cóir aon fhiosrú maidir le dliteanas a sheoladh chuig d'Oifig Chánach áitiúil.

Is cóir aon fhiosrú maidir le híocaíocht a chur chuig an Ard-Bhailitheoir, Teach an tSáirséalaigh, Luimneach.